

MICHEÁL BREATHNACH

Tá sgéal beag sgríobhtha agam i leabhar eile sgéal a d'innis M.L Breathnach, Giolla Dubh is ainm don sgéal. Chuir Micheal agusín leis an sgéal indiu 30-4-35 nar innis sé an chéad uair. Badh iad clann nDonnchadha a chuir na beithidhigh le fána Leic na bhFaol. Bhí seacht Seán aca ann ina gcomhnaidhe sa Doirín. Anoir as Gleann lár Chonnacht a tháinig a mbunudh go dtí an Doirín. De Sheoigheach an Giolla Dubh. Bhí sé i bpáirt leis na seacht Seán Mac Donnchadha in-aghaidh an fhir a raibh féaracht an Doirín aige. Rinne Seán de na seacht Seán sgrupall de mharbhú na mbeithidheach agus ní théidheadh sé dá dtiomáint síos Leac na bhFaol. Nuair a loic sé chuaidh a bhean i n-éinfheacht leis an seisear Seán agus badh í a chaith a clóca ar chloigeann an tairbh gun rith an tarbh thar barr Leac na bhFaol agus gur lean na beithidhigh uile é gur mharbhúigheadh iad. Bhí gabha san Mám, Peadar Gabha de Bhreathnach an gabha, Peadar Breathnach

42

Bhí a sheacht sinnsear ina ngaibhnibh roimhe. Bhíodh sé ag greadadh na hinneoine. Bhí Peadar gabha pósta, Molly a bhí ar a bhean. Bhí mac aca Tomás. Cailleadh Tomás ina ógánach. Tamall i ndiaidh a bháis d'airigh Molly duine sa teach dh'oidhche. Bean mhisneamhail a bhí innte agus shíl sí go mbéidir gurbh é Tomás an mac a thainig ar ais, go mb'fhéidir go raibh anshógh eicint air. Labhair sí, an tú a tá ann a Thomáis, adeir sí, más tú innis dom é agus cén t-anshógh a tá ort. Ní mé Tomás d'fhreagair an tais, is duine de na seacht Seán mé a chuir na beithidhigh thar Leac na bhFaol. Ní dhubhairt sé níos mó agus níor airigh sí níos mó é.

San Mám 30-4-35.

An aisling a bhí ag Seán.

43